Bus Átha Cliath

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thiománaithe bus atá ar stailc i mBaile Átha Cliath. Sula bhféachann tú ar an tuairisc féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo – an dtuigeann sibh iad?

aighneas		seachas
	croílár	tionsclaíoch
	An Chúirt Oibreachais	
	tograí	baol

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cad é atá na tiománaithe bus ag diúltú a dhéanamh?
2. Cad é a chuir tús leis an stailc ar maidin? Cén t-am?
3. Cé mhéad paisinéir bus atá thíos leis an stailc agus cén chuid den chathair atá i gceist?
4. Cad é a deirtear faoin Chúirt Oibreachais?
5. Cén fáth nach bhfuil dea-scéala ann do phaisinéirí?

Ceist 3 Éist leis an tuairisc arís agus déan iarracht an fhoirm cheart de na focail idir lúibíní a fháil:

dhá (bealach) _____
cúig (céad) _____
céad (tiománaí) _____
míle (paisinéir) _____
seacht (míle) _____
cúig (noiméad) _____

Ceist 4 Féach ar an abairt thíos :

‘. . .go mbeadh orthu sosanna *a thógáil* . . .’

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú anois? Beidh ort na focail idir lúibíní a athrú.

1. Ní bheidh Sinéad ábalta an obair sin a _____ amárach mar go bhfuil sí tinn. (déan)

2. Rinne mo mháthair iarracht an-mhór an deoch a _____ ach chuir sé samhnas uirthi. (ól)

3. Caithfidh tú an bainne sin a _____ sa chuisneoir nó beidh sé géar gan mhoill sa teas seo. (cuir)

4. Chaith Máire a lán airgid ar an bhronntanas leis an rud díreach ceart a _____ (ceannaigh)

5. Caithfidh mé imeacht mar tá orm na páistí a _____ ón scoil. (bailigh)

6. Chuaigh mé go dtí an baile mór leis an nuachtán a _____. (faigh)

7. Ní féidir liom bia Indiach a _____, bíonn sé róspíosraithe dom de ghnáth. (ith)

Ceist 5 Féach ar na nathanna sa bhosca thíos. An dtuigeann tú iad?

ar imeall na cathrach	thíos leis
a bhaint amach	
ag cur as do	i gceist

Anois an féidir leat iad a chur sna habairtí thíos:

1. Ba mhaith liom céim sa Ghaeilge _____.

2. Tá an easpa áiseanna sa cheantar _____ na daoine óga ansin.

3. Tá Seán ina chónaí _____ in áit darb ainm Fionnghlas.

4. Ní raibh sé _____ agam dul chomh fada sin isteach sa scéal.

5. Is iad gnáthdhaoine na cathrach atá _____ an stailc.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó leis na daoine i do ghrúpa:

An bhfuil an ceart ag na tiománaithe dul ar stailc, dar leat?
Ar chuir aon stailc riamh isteach ar do shaol pearsanta? Cén dóigh?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Aighneas	Dispute
Seachas	Besides
Croílár	Centre
Tionsclaíoch	Industrial
An Chúirt Oibreachais	The Labour Court
Tograí	Inclinations
Baol `	Danger

Ceist 2

1. Tá tiománaithe bus ag diúltú dha bhealach nua bus a chur ar fáil.
2. Cuireadh bantiománaí ar fionraí i ndiaidh di diúltú ceann den dá bhealach úra atá i gcroílár an aighnis seo a thiomáint. A cúig a chlog ar maidin.
3. Chuir an stailc as de suas le seacht míle paisinéir i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath a bhí ag iarraidh a gcuid oibre a bhaint amach.
4. Deir Bus Átha Cliath go ndeachaigh siad fríd an phróiseas caidrimh thionsclaíoch agus go bhfuil moladh acu ón Chúirt Oibreachais a deir go bhfuil a gcuid tograí ceart is cóir.
5. Deir tionánaithe go bhfuil sé i gceist acu leanúint ar aghaidh leis an aighneas.

Ceist 3

dhá **bhealach**
cúig **chéad**
céad **tiománaithe**
míle **paisinéir**
seacht **míle**
cúig **noiméad**

Ceist 4

1. Ní bheidh Sinéad ábalta an obair sin a **dhéanamh** amárach mar go bhfuil sí tinn.
2. Rinne mo mháthair iarracht an-mhór an deoch a **ól** ach chuir sé samhnas uirthi.
3. Caithfidh tú an bainne sin a **chur** sa chuisneoir nó beidh sé géar gan mhoill sa teas seo.
4. Chaith Máire a lán airgid ar an bhronntanas leis an rud díreach ceart a **cheannach**.
5. Caithfidh mé imeacht mar tá orm na páistí a **bhailiú** ón scoil.
6. Chuaigh mé go dtí an baile mór leis an nuachtán a **fháil**.
7. Ní féidir liom bia Indiach a **ithe**, bíonn sé róspíosraithe dom de ghnáth.

Ceist 5

1. Ba mhaith liom céim sa Ghaeilge **a bhaint amach**.
2. Tá an easpa áiseanna sa cheantar **ag cur as do** na daoine óga ansin.
3. Tá Seán ina chónaí **ar imeall na cathrach** in áit darb ainm Fionnghlas.
4. Ní raibh sé **i gceist** agam dul chomh fada sin isteach sa scéal.
5. Is iad gnáthdhaoine na cathrach atá **thíos leis** an stailc.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Bus Átha Cliath ar stailc

Éimear Ní Chonaola
Tá aighneas i mBus Átha Cliath ag cur as do sheirbhísí bus in áiteanna éagsúla sa gcathair ó mhaidin. Tá tiománaithe bus ag diúltú dhá bhealach nua bus a chur ar fáil mar go mbeadh orthu sosanna a thógáil i lár na cathrach seachas ina ngaráiste i mBaile Anraí ar imeall na cathrach agus mar go gcuirfidh na coinníollacha a bhaineann leis na bealaí nua seo lena gcuid uaireanta oibre. Tá tuairisc ag Peadar Mac Gaoithín.

Peadar Mac Gaoithín
Tá suas le cúig chéad tioánaithe ar stailc anseo i mBaile Anraí óna leath i ndiaidh a cúig ar maidin ó cuireadh bantiománaí ar fionraí i ndiaidh di diultiú ceann den dá bhealach úra atá i gcroílár an aighnis seo a thiomáint. Chuir an stailc as de suas le seacht míle paisinéir i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath a bhí ag iarraidh a gcuid oibre a bhaint amach. B'iad lucht taistil i gceantair Sord, Fionnghlas, Baile Munna agus i mBaile Bhlainséar is mó a bhí thíos leis. Níl tiománaithe bus sásta lena gcláir oibre a bhaineann lena bealaí úra.

Tá orthu an dtuigeann tú, ag tosnú an lae, nó *reportáil* ag tosnú an lae, a lae oibre sa *depot* sin. Ach caithfidh siad ansin taisteal ocht míle lena lá oibre a thosnú, an dtuigeann tú? Agus níl acu ach ceathracha a cúig nóiméad leis sin a dhéanamh agus b'fhéidir go dtógfaidh sé uair go leith an *trip* sin a dhéanamh.

Peadar Mac Gaoithín
Deir Bus Átha Cliath go ndeachaigh siad fríd an**phróiseas caidrimh thionsclaíoch agus go bhfuil moladh acu ón Chúirt Oibreachais a deir go bhfuil a gcuid tograí ceart is cóir. Níl dea-scéala ar bith ann go fóill de phaisinéirí. Deir tiománaithe go bhfuil sé i gceist acu leanúint ar aghaidh ***leis an aighneas i ndiaidh an lae inniu fiú, go dtí go mbeidh bainistíocht Bhus Átha Cliath sásta tús a chur arís le comhráite leo faoin dá bhealach úra atá i lár na conspóide. Más faide a théann an t-aighneas ar aghaidh is é is mó baol atá ann go leanfaidh amach an díospóireacht go stáisiúin eile ar fud na cathrach, a deir siad.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4, i mBaile Anraí

**banthiománaí* a deirtear
***phróiseas caidrimh tionsclaíoch* a deirtear
****leis an t-aighneas* a deirtear